# Ionmhain triúr táinig dom fhios

[Bergin, Osborn: *Irish Bardic Poetry*, Dublin, 1970, poem 18]

1 Ionmhain triúr táinig dom fhios,
do sheinn oram tré áineas,
triúr do shíol shírshleachta Bloid,
líon mínleaptha an triúr tánaig.

2 Do cheangal chonnartha leam
suidhid fá seach im thimcheall,
triúr goirmdhearcach gan ghlór searbh
an pór oirbheartach óigleanbh.

3 Fríoth dhamhsa urra ar gach aon,
do chionn molta na macaomh,
ón droing shaoir sheangmhálla shéimh,
budh laoidh deaghdhána dhóibhséin.

4 D’iath ó dTáil budh ceann cloinne
Tadhg, sinnsear na saorchloinne,
ag foghlaim oinigh ’na dhiaidh,
oighir Domhnaill uí dheighBhriain.

5 Budh iad eolaigh fhóid Mhumhan
sluaigh ó gCais um Chonchubhar:
ó Dhia dá thairngire atám,
nach bia ainbhfine ar iomrádh.

6 An treas cnú don chrobhaing ghloin
Tadhg oile, oighre Mhurchaidh:
ag riar dámh an eoil arsaidh
budh lán beoil an Brianachsoin.

7 Fán gCloinnse Chais budh coill dín
trí beangáin a criaidh cheiníl:
ní bhí acht file dá bhfoghail,
na trí bhile buantoraidh.

8 Trí seabhaic go séan seilge
ar lucht déanta díbhfeirge:
i mbáidh cheineoil, i gcomhaois,
meireoin áigh a haonfhoraois.

9 Trí beithreacha go mbuaidh gliadh
a los cosnaimh múir Mhaicniadh;
na trí comthaigh dá chéile,
budh tri honchoin aigmhéile.

10 Trí hurchradha na n-eo bhfis,
trí sgealláin ubhaill óirchnis,
trí bláitháin déanta ar ndána,
sgátháin bréagtha bandála.

11 Trí húrchna is uaisle mogail,
trí sreabha a haill fhíorthobair,
pór ríoghchraobh go rún bhféile,
súgh fíonchraobh na flaithréime.

12 I Leith Chuinn ag cur chatha
gearr go mbiaid a mbonnsacha,
don druing áigh fhearchonta mhir
'na ngáibh gealchorcra gaisgidh.

13 Trí comáin beartha an bháire
ar laochraidh fhóid fhionnMháighe
léigfid díobh ar dornchlaibh déad -
do shíol gCobhthaigh budh coimhéad.

14 Na hóigse ag tionól ré ar dtaoibh,
budh tréad míleadh na macaoimh;
each slaite ar bhreith gach Bhrianaigh
mar eich aice óirshrianaigh.

15 Mar theinte ó dteilgthear crithre,
lasas a los aoindrithle,
an triar fán mBanbha mbántais,
damhna gliadh is gabháltais.

16 Beith ar dtús ní toibhéim air,
nós gnáth an ghlanóir uasail,
'na chaoir mholta mhianaigh thim,
sompla don Bhrianfhuil bhraithim.

17 Sé gealtaoibh chuanna mar chuip,
sé colpa céimeann n-ordhraic,
sé troighidh bhus taca i n-ágh
sé glaca an oinigh d'fhadádh.

18 Sé gruaidhe nach iarr adhaint,
sé mailldearca móramhairc,
ní dá n-aimhdheoin ní hiarrthar,
trí sainbheoil go sídhbhriathraibh.

19 Conchubhar taoibhgheal, dá Thadhg,
ag díol sgol, ag riar ríoghbhard,
ag soin an triar do thoghas
fám riar ní fhoil mh'amharas.

20 Go ndáile an Tríonóid don triar
ré fhada ar úir na naoimhchliar;
sgoith na bhfionnshluagh gan chleith gcroidh,
bheith dá n-iomluadh is ionmhain.